



Whelton, M. 'Cailleach Dhrogallach: Léirmheas ar *Cliona Cailleach* (Wynn).' *InTouch*, Mí na Samhna, 2017, 59.

## Cailleach Dhrogallach

(Léirmheas ar *Cliona Cailleach*, le Gwyneth Wynn, Cló Iar-Chonnacht, 2014, ISBN: 978-1-7844411-4-2)

(Léirmheas le Marie Whelton)

Úrscéal faoi chailleach dhrogallach óg is ea *Cliona Cailleach*. Ní hionann Cliona agus na daoine eile atá ar comhaois léi. Ina cuid ranganna draíochta bíonn uirthi damháin alla, francaigh agus míoltóga a mharú chun briochtaí a dhéanamh ach ní theastaíonn uaithi neacha beo a ghortú. Féachann sí ar na feithidí agus ar na hainmhithe mar chairde léi. Ar an ábhar sin, níl a cuid múinteoirí sásta léi agus bíonn na daoine óga eile ina cuid ranganna ag magadh fúithi. Fágтар ina haonar scoite amach í agus féachtar uirthi mar dhuine aisteach. In ainneoin é sin go léir, fanann Cliona dílis dá creideamh i leas na n-ainmhithe agus téann sí sa tóir ar bhealaí níos carthanaí chun draíocht a chur i gcrích. Athraíonn a saol ó bhonn de bharr a cúraim i leith na maitheasa agus de bharr a rogha ar son na nua-aimsearthachta.

Scéalaí den scoth is ea an t-údar. Tá greann ag sní tríd an insint, ach, i dteannta an ghrinn, tá doimhneacht sa scéal agus feidhmíonn sé ar leibhéil éagsúla – mar scéal faoi chailleacha agus mar scéal faoi shaol páistí. Go deimhin, téann an t-údar i ngleic le go leor téamaí a bhaineann le saol na n-óg. Pléitear, mar shampla, leis na difríochtaí a bhíonn ann idir clanna éagsúla agus leis an tslí a dtéann na difríochtaí sin i bhfeidhm ar dhaoine óga. Tríd an reacaireacht, moltar luachanna agus misneach na gcailíní agus cuirtear i láthair iad mar eiseamláirí do pháistí eile.